



Treoirlínte chun Plean Rochtana agus Cuimsithe Aonair a chomhlánú



Forbairt Cáilíocht
Luathbhlianta Náisiúnta
National Early Years
Quality Development

Léargas Ginearálta

D'fhorbair AIM an Plean Rochtana agus Cuimsithe Aonair seo mar thacaíocht le seirbhísí réamhscoile. Déanann bainisteoir, príomhoibrí nó Comhordaitheoir Cuimsithe na réamhscoile an Plean Rochtana agus Cuimsithe a chomhlánú i gcomhar le tuismitheoir nó caomhnóir nó cúramóir an linbh agus i gcomhairle le gairmithe ábhartha a oibríonn leis an leanbh. Más gá, féadfaidh Speisialtóir Luathbhlianta Tús Níos Fearr tacú le forbairt an phlean. Moltar gur cheart don Phlean Rochtana agus Cuimsithe a bheith sa seomra réamhscoile ag gach tráth, go dtí go n-aistrítear an leanbh go dtí suíomh eile, e.g. bunscoil.

Is é cuspóir an Phlean Rochtana agus Cuimsithe Aonair chun tacú le rannpháirtíocht bhríoch leanaí aonair sa suíomh COLÓ i gcaitheamh a gclár COLÓ agus chun pleanáil a dhéanamh dá n-aistriú ag deireadh a rollaithe COLÓ, e.g. chuig bunscoil nó suíomh eile. Baintear seo amach trí spriocanna rochtana agus rannpháirtíochta agus na tacaíochtaí a theastaíonn chun iad a bhaint amach a shainaithint. Tabharfar cuntas sa phlean ar na tacaíochtaí riachtanacha breise le rochtain agus cuimsiú an linbh a chumasú faoi AIM Leibhéal 5 (Deontas Caipitil Trealamh, Fearas agus Mionathruithe), Leibhéal 6 (Idirghabháil Theiripeach) agus Leibhéal 7 (Cúnamh Breise sa Seomra Réamhscoile). Cáipéis bheo í seo a fhanfaidh sa suíomh COLÓ a chuireann ar chumas na seirbhíse chun pleanáil leanúnach a dhéanamh do riachtanais an linbh. Cuid ríthábhachtach den Phlean Rochtana agus Cuimsithe Aonair iad athbhreithnithe rialta maidir le cuimsiú an linbh laistigh den suíomh.

Ag gach céim de chlár COLÓ an linbh, ba cheart spriocanna a leagan amach chun tacú le haistriú an linbh chuig an mbunscoil (féach Mír 7: Teimpléad um Pleanáil d'Aistriú Scoile).

Cuspóir an Phlean Rochtana agus Cuimsithe Aonair:

- Sainaithin an príomhchaidreamh
- Ról an Speisialtóra Luathbhlianta
- Déan láidreachtaí agus nithe is spéis leis an leanbh a dhoiciméadú agus sainaithin riachtanais reatha an linbh
- Déan gach sprioc a dhoiciméadú faoin bhformáid seo a leanas:
 - Téama na Sprice
 - Teideal na Sprice
 - Liosta na ngníomhartha a theastaíonn chun an sprioc a bhaint amach
 - An dáta tosaigh do gach gníomh
 - An dáta críochnaithe do gach gníomh
 - An duine atá freagrach as an ngníomh

- Mír maidir le dul chun cinn nó nótaí tráchta chun nuashonruithe a chur i gcuntas
- Acmhainní
- Straitéisí agus cur chuige
- Stádas dul chun cinn lena chur i dtaifead cathain a bhaintear an gníomh amach nó a aistarraingítear é.
- Dul chun cinn a dhoiciméadú tríd an bhformáid seo a leanas a úsáid:
 - Dáta an chruinnithe
 - Na daoine a bhí i láthair
 - Riachtanais atá ag teacht chun cinn nó leanúnacha i ndiaidh gur cuireadh na tacaíochtaí agus na hacmhainní tosaigh i bhfeidhm
 - Spriocanna ar tugadh fúthu arís eile nó spriocanna nua a leagadh amach.
 - Síniú na ndaoine i láthair
- Logleabhar teagmhála idir na páirtithe leasmhara ábhartha go léir a bhfuil baint acu i bplean an linbh.
- Aistriú chuig plean scoile

Míreanna an Phlean

1. Príomhchaidreamh

Tugtar cuntas sa mhír seo ar na daoine a bhfuil baint acu i bhforbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Rochtana agus Cuimsithe Aonair. Aithnítear sa phlean an tábhacht a bhaineann leis an gcaidreamh idir an tuismitheoir, foireann na réamhscoile agus gairmithe eile a oibríonn go comhoibritheach chun pleanáil a dhéanamh do riachtanais an linbh.

Ról an Speisialtóra Luathbhlianta

Is é ról an Speisialtóra Luathbhlianta chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Meantóireacht, faisnéis, comhairle agus treoir bunaithe ar dhea-chleachtas a sholáthar.
- Oibriú go comhoibritheach leis an tseirbhís agus le tuismitheoirí nó caomhnóirí chun tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Rochtana agus Cuimsithe Aonair trí chóitseáil agus meantóireacht ar an láthair, cumarsáid ar an nguthán nó ar ríomhphost.
- Oibriú ar bhealach trédhearcach agus cóir a léiríonn meas ag gach tráth, agus bheith íogair do shrianta agus riachtanais na seirbhíse réamhscoile agus d'fholláine na leanaí.

2. Mo chuid láidreachtaí, ábhair spéise agus pleananna do mo rannpháirtíocht ghníomhach

Sainaitnítear sa mhír seo láidreachtaí, ábhair spéise ar leith agus riachtanais reatha an linbh. Tá sé ríthábhachtach gur fios láidreachtaí agus ábhair spéise an linbh chun pleanáil a dhéanamh dá rannpháirtíocht bhríoch sa réamhscoil.

3. Spriocanna

Sainithnítear an méid atá le baint amach trí spriocanna a leagan amach agus deimhniúnn sé tosaíochtaí agus cuireann sé uirlis ar fáil chun dul chun cinn a thomhas agus acmhainní, freagrachtaí agus amfhráma a shainithint (cé, cad, conas, cathain).

Cuireann gníomhartha ar chumas an tsuímh a shainithint cad a bheidh ag teastáil chun tacú leis an leanbh a spriocanna a bhaint amach. Leagann sé an sprioc amach, chomh maith, do dhul chun cinn agus an dáta chun tabhairt faoi athbhreithniú.

Tá spriocanna uimhrithe ar fud na cáipéise d'fhonn gur féidir iad a rianú gan stró.

Spriocanna agus gníomhartha a leagan amach

Tábhachtach:

Is é an chéad rud is gá a dhéanamh chun spriocanna a shainithint ná súil a chaitheamh ar chumas agus riachtanais an linbh. Liostaítear na gníomhartha a theastaíonn chun an sprioc a bhaint amach. Ba cheart gníomhartha a dhátú agus a liostú de réir uimhreach faoin dáta iontrála, e.g. dáta tosaithe 02/01/2017

- 1. Nasc le tuismitheoirí maidir le: Seisiúin Teiripe Urlabhra agus Teanga (TUT).*
- 2. Cóip de chlár TUT an linbh a iarraidh.*
- 3. Na straitéisí comhaontaithe TUT a chomhtháthú isteach sna seisiúin COLÓ ar bhealach spráúil agus bríoch trí eispéiris súgartha agus grúpfhoghlama.*

Cuirtear nuashonruithe maidir le dul chun cinn na ngníomhartha i gcuntas ar bhileog ar leith. Arís eile, is tábhachtach na hiontrálacha a dhátú i mír na nuashonruithe nó an dul chun cinn nó na nótaí tráchta.

Cuirtear téamaí sprice i gcuntas faoi na teidil seo a leanas:


Rochtain: ciallaíonn seo rochtain a sholáthar ar réimse fairsing gníomhaíochtaí agus timpeallachtaí do gach leanbh trí bhacainní fisiciúla agus sóisialta a bhaint agus trí roinnt bealaí a chur ar fáil chun foghlaim agus forbairt a chur chun cinn. Gné shuntasach de chleachtas ardchaighdeáin cuimsitheach luathóige is ea rochtain a sholáthar ar réimse fairsing deiseanna, gníomhaíochtaí, suíomhanna agus timpeallachtaí foghlama.

Rannpháirtíocht: ciallaíonn seo úsáid a bhaint as réimse cur chuige teagaisc chun rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí súgartha agus foghlama, agus braistint muintearais i measc gach linbh a chur chun cinn. Fiú má bhíonn timpeallachtaí agus cláir in ainm is rochtain a éascú, is féidir timpeallachtaí aonair a chur i bhfeidhm chun gur féidir le gach

leanbh páirt iomlán a ghlacadh i ngníomhaíochtaí súgartha agus foghlama le piraí agus daoine fásta. Ag brath ar riachtanais aonair an linbh, b'fhéidir go mbeidh ar sheirbhís réimse cur chuige a chur i bhfeidhm chun tacú le foghlaim agus rannpháirtíocht do gach leanbh.

Tacaíochtaí: tagraíonn seo do chomhoibriú i measc príomhpháirtithe leasmhara (e.g., teaghlaigh, cleachtóirí, gairmithe sláinte, Speisialtóirí Luathbhlianta, foireann luath-idirghabhála) agus is é an bhunchloch faoina gcuirtear cuimsiú ardchaighdeán luathóige i bhfeidhm. Teastaíonn acmhainní agus beartais chlár chun deiseanna iolracha a chur chun cinn chun cumarsáid agus comhoibriú a dhéanamh i measc na ngrúpaí seo. Tagraíonn tacaíochtaí, chomh maith, do ghnéithe níos fairsinge an chórais, ar nós forbairt ghairmiúil, dreasachtaí le haghaidh cuimsiú, agus deiseanna chun cumarsáid agus comhoibriú a dhéanamh i measc teaghlach agus gairmithe, daoine aonair agus eagraíochtaí, a sholáthraíonn seirbhísí cuimsitheacha do leanaí agus teaghlaigh le cuimsiú ardchaighdeán a chinntiú (NAEYC, 2009).

Spriocanna: féadfaidh siad a bheith nasctha le Colúin an Chleachtais i dTreoir Chleachtais Aistear Síolta



4. Foirm um Athbhreithniú ar Dhul chun Cinn

Úsáideann foireann na réamhscoile an mhír seo den phlean, i gcomhar le tuismitheoirí an linbh agus gairmithe ábhartha chun machnamh a dhéanamh ar fhoghlaim agus forbairt an linbh. Cuirtear plé i gcuntas sa mhír seo agus nuashonraítear an Plean Rochtana agus Cuimsithe dá réir.

5. Ainm a chur leis an bPlean Rochtana agus Cuimsithe Aonair

Féadfaidh iad siúd a thugann faoi gach athbhreithniú i gcaitheamh na bliana iad a dhoiciméadú agus a n-ainm a chur leo.

6. Taifead teagmhála

Cuirtear teagmháil i gcuntas sa mhír seo idir na daoine a bhfuil baint acu i bhforbairt agus cur i bhfeidhm an phlean. I dtimpeallacht ghnóthach réamhscoile, uirlis áisiúil a bheidh ann seo chun cuntas a choimeád ar chruinnithe, comhráite ar an nguthán, ríomhphoist etc.

7. Aistrithe chuig plean na scoile

Cuirtear ar chumas na seirbhíse sa mhír seo chun pleanáil agus comhoibriú a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir chun ullmhú d'aistrithe an linbh ón réamhscoil go dtí an bhunscoil ar bhealach íogair, freagrúil agus comhoibritheach.

Tagairt: An Cumann Náisiúnta um Oideachas Leanaí Óga, 2009. Ar fáil ó https://www.naeyc.org/files/naeyc/files/positions/DEC_NAEYC_EC_updatedks.pdf [arna rochtain an 16 Lúnasa 2017]



Mo Phlean Rochtana agus Cuimsithe


Tacú le Rochtain ar Chlár COLÓ
do gach leanbh

Cuid 2 de 2



Forbairt Cáilíocht
Luathbhlianta Náisiúnta
National Early Years
Quality Development

1. Príomhchaidreamh



2. Mo Láidreachtaí, Ábhair Spéise agus Rannpháirtíocht

<p>Seo cuid de mo Láidreachtaí agus Cumas</p>	
<p>Seo na rudaí is spéis liom</p>	
<p>Chun páirt ghníomhach agus bhríoch a ghlacadh</p>	<p>Seo roinnt cur chuige a thacaíonn liom go héifeachtach:</p>
	<p>Níl an cur chuige seo chomh héifeachtach céanna:</p>

3. Uimhir na Sprice

Téama na Sprice	<input type="checkbox"/> Rochtain <input type="checkbox"/> Rannpháirtíocht <input type="checkbox"/> Tacaíocht			
Teideal na Sprice				
Gníomhartha Riachtanacha	Dáta Tos aigh	Dáta Críche	An Duine is mó atá freagrach	
Na hacmhainní a theastaíonn chun spriocanna agus gníomhartha a bhaint amach				
Straitéisí agus Cur Chuige a theastaíonn chun spriocanna agus gníomhartha a bhaint amach				
Dul chun Cinn nó Toradh				

Nóta Tráichta

4. Foirm um Athbhreithniú ar Dhul chun Cinn

Dáta an Chruinnithe

Na daoine a bhí i
láthair

Riachtanais atá ag
teacht chun cinn
nó leanúnacha i
ndiaidh gur cuireadh
na tacaíochtaí agus
na hacmhainní
tosaigh i bhfeidhm

Spriocanna ar
tugadh fúthu arís eile
nó

Spriocanna nua a
leagadh amach

7. Aistrithe chuig plean na scoile

Caithfidh pleanáil aistrithe tosú i bhfad sula mbeartaítear go leanfaidh leanbh ar aghaidh chuig Bunoideachas nó oideachas Speisialta, ag brath ar chastacht riachtanais an linbh. Ba cheart go gcuirfí tús leis ar a laghad bliain roimhe sin nó fiú níos luaithe, má theastaíonn trealamh speisialaithe nó oiriúnuithe timpeallachta.

Ainm agus seoladh na Bunscoile nó na Scoile Speisialta ar a bhfreastalaítear	
Ainm an Teagmhálaí Scoile Sonraí Teagmhála	
Ainm agus sonraí teagmhála don Eagraí Riachtanais Oideachais Speisialta (SENO) don cheantar Féach www.ncse.ie don liosta.	
Cuireadh tús leis an bplean aistrithe an	

<p>Láidreachtaí Aonair an Linbh</p>	
<p>Ábhair Spéise Aonair an Linbh</p>	
<p>Rogha rudaí an Linbh, e.g.</p> <p>An bia is fearr liom: Rudaí is deas liom a dhéanamh: Rudaí a chabhraíonn liom bheith socair: Daoine a mbeidh aithne agam orthu i mo scoil nua: Rudaí is féidir liom a dhéanamh i mo scoil nua:</p>	
<p>Moltaí tuismitheoirí chun tacú leis an leanbh aistriú</p>	
<p>Riachtanais chúram linbh</p>	
<p>Spriocanna agus gníomhartha um pleanáil aistrithe lenar comhaontaíodh (e.g. rinneadh teagmháil leis an Seno, socraíodh cuairt a thabhairt etc.)</p>	<ol style="list-style-type: none"> 1. 2. 3. 4.

Faisnéis a bhainean le tacú leis an bpróiseas aistrithe (e.g. tuairiscí sláinte, míchumas diagnóisithe etc.)

Trealamh nó Fearais atá le haistriú chuig scoil go mbainfidh an leanbh úsáid astu - Leibhéal 5 AIM

Oiriúnuithe nó mionathruithe fisiciúla a theastaíonn, más ann dóibh.

Toiliú agus síniú an tuismitheora má tá faisnéis á roinnt

Comhaontaím/comhaontaímid leis go roinnfear an fhaisnéis a sholáthraítear ar an bhfoirm seo leis an Réamhscoil, Bunscoil nó Seirbhís, le Pobal agus leis an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE), faoi mar is gá, chun tacú le haistriú mo/ár linbh chuig (ainm na scoile) _____.

Ainm: _____ Gaol leis an leanbh: _____

Síniú: _____ Dáta: _____

Ainm: _____ Gaol leis an leanbh: _____

Síniú: _____ Dáta: _____

**Nuashonraíodh
an plean
aistrithe**

**Dáta:
Sínithe:**

Críochnaithe

**Dáta:
Sínithe:**